

Ábhar

Ilchultúrachas agus Ilteangachas

Mír Fuaim

Alex Hijmans ag labhairt faoin ilchultúrachas agus faoin ilteangachas

Téacsanna Léitheoireachta

Sliocht as an leabhar *Idir Dhá Shaol* le Pádraig Ó Murchú. Coiscéim 1989

Le caoinhead ón údar agus ó Choiscéim

Sliocht as an leabhar *Just a Phrase I'm Going Through* le David Crystal. Routledge 2009

Le caoinhead ó Routledge

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Ilchultúrachas agus Ilteangachas

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht ar ball le hAlex Hijmans, fear as an Ísiltír atá anois ina chónaí sa Bhrasaíl, ag labhairt faoin ilchultúrachas agus faoin ilteangachas. Ar dtús pléigh na ceisteanna seo a leanas:

- Cad a chiallaíonn sé duitse a bheith dátheangach?
- An bhféachann tú ort féin mar dhuine ilchultúrtha de bharr a bheith dátheangach? Cén fáth?
- An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach ilchultúrachas agus ilteangachas a chur chun cinn in Éirinn? Cén fáth?
- Pléigh an sliocht seo thíos i gcomhthéacs fhoghlaim na Gaeilge.

It is apparent that culture, as an ingrained set of behaviours and modes of perception, becomes highly important in the learning of a second language. A language is a part of a culture, and a culture is a part of a language; the two are intricately interwoven so that one cannot separate the two without losing the significance of either language or culture. The acquisition of a second language, except for specialized, instrumental acquisition (as may be the case, say, in acquiring a reading knowledge of a language for examining scientific texts), is also the acquisition of a second culture. Both linguists and anthropologists bear ample testimony to this observation.

Principles of Language Learning and Teaching, H. Douglas Brown (Lch. 189).

- Conas a dhéanfá cur síos ar na difríochtaí atá idir na scileanna éagsúla atá agat sna teangacha éagsúla atá agat? (léamh, scríobh, labhairt, éisteacht).

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na habairtí seo a aimsiú inti. Ar dtús, áfach, déan iarracht Gaeilge a chur orthu tú féin.

- That's the order in which I learned them.
- Dutch was my native language.
- They are closer to each other than Irish or English.
- The programmes are subtitled rather than having voiceovers.
- The success of the Dutch in learning English.
- I was lucky I was given a place.

Feasacht Teanga

- ‘...nuair a thosaigh mé á *foghlaim* i gceart...’

Cén ghné den ghramadach atá sa fhrása thuas? Pléigh agus cuir an patrún céanna i bhfeidhm ar na frásaí thíos:

ceol	nuair a thosaigh mé á (foghlaim) i gceart
snámh	nuair a thosaigh mé á (foghlaim) i gceart
Iodáilis	nuair a thosaigh mé á (cleachtadh) i gceart
scileanna nua	nuair a thosaigh mé á (cleachtadh) i gceart

- Ceartaigh na habairtí thíos.

Tá Gaeilge líofacht agam.
Labhraím Fraincis.
Tá Gaeilge dhúchasach aici.
Is cainteoir dúchas í.
Is cainteoir ó dhúchais é.
Tá Gaeilge agam ach níl an gramadach agam.
Tá mo Fraincis go dona.
Tá mo graiméar go maith.

- Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

I speak French
English is my first / native language
I speak fluent Irish
My Spanish is rusty

- Roghnaigh an leagan ceart de na leaganacha sa chlóg dubh thíos. Cén acmhainn a mbainfeá úsáid aisti chun cabhrú leat an leagan ceart a sheiceáil?

ceithre leagan **dom féin** / **díom** féin
cuirfimid **dínn** na haistí / cuirfimid **dúinn** na haistí
déanfaidh mé liosta **díobh** go léir / **dóibh** go léir
déanfar tagairt **dóibh** go léir / **díobh** go léir

Iarobair

- ‘...dífear an-mhór idir an Phortaingéilis oifigiúil scríofa agus teanga na ndaoine... nach ndéanfadh an teanga oifigiúil cúis mar gheall nach í an teanga choitianta a labhraítear. So shocraigh mé cineál neamhairde a dhéanamh di ar bhealach...’

Cén difear atá, dar leat, idir an ‘teanga oifigiúil’ agus an ‘teanga choitianta’ i nGaeilge?

- Léigh an sliocht seo as an leabhar *Just a Phrase I'm Going Through* leis an teangeolaí David Crystal agus pléigh na ceisteanna ina dhiaidh.

How indeed? How did I get to be a linguist, a linguistics person, a linguist, a language geek? How does anybody? And what does ‘being a linguist’ mean, anyway? ...

It's not as if it's the most obvious label for a way of earning a living, after all. Indeed, it's a succulent irony that the very name of the profession which has come to be known as 'the science of language' is itself ambiguous.

'What do you do?'

'I'm a linguist.'

'Ah. And how many languages do you speak?'

'Do you mean fluently?'

'Of course'.

'Just one'.

'But you said you were a linguist!'

So I am, but not in that sense. I would love to be fluent in many languages. As it happens, I can 'get by' in a number, but there's a world of difference between 'getting by' and 'being fluent'. Ordering a gin and tonic or asking the way, is one thing. Carrying on a proper conversation about the local political scene is very much another. It's the vocabulary that's the killer. Getting a grasp of the basic grammar of a language, and learning to pronounce the sounds accurately, need not take too long. But vocabulary is the Everest of language. Memorizing the tens of thousands of words you need in order to hold your own in long conversations on variegated topics takes time, lots of it, and – unless you happen to have been brought up bilingual – a level of motivation and opportunity which is usually missing in Britain for all but a very lucky or very gifted few. How the multi-tongued record-holders of the past managed it is beyond me. Take the great Harold Williams, who died in 1928. He was a journalist – the foreign editor of *The Times* – said to have spoken fifty-eight languages fluently. He was apparently able to talk to all the delegates attending the League of Nations in their own language. Nobody else came anywhere near him. Fifty-eight languages! I wonder he ever managed to do anything else.

Being a linguist, in my sense of the word, evidently doesn't mean that you've managed to learn lots of foreign languages. But it does mean that you're interested in them. All 6,000 or so of them. All languages that have ever been or ever could be. No, 'interested' is too mild. When you dip your toe into linguistics, you end up being enthralled, captivated, obsessed by languages. Because they are all around you (increasingly so, in an escalatingly multicultural world), their sounds, words, and sentences keep thrusting themselves on to your attention. You are surrounded by an ever-playing linguistic orchestra.

Just a Phrase I'm Going Through, David Crystal (Routledge 2009). Lch. 6. Le caoinhead ó Routledge.

- o An aontaíonn tú leis na ráitis 'It's the vocabulary that's the killer' agus 'vocabulary is the Everest of language'? Cé acu is deacra duitse i bhfoghlaím teanga – stór focal nó gramadach? Cén fáth?
- o An aontaíonn tú leis an ráiteas seo: 'Getting a grasp of the basic grammar of a language, and learning to pronounce the sounds accurately, need not take too long'? Ar chaith tusa mar fhoghlaimeoir mórán ama le fuaimanna na Gaeilge i gcomparáid le teangacha eile a d'fhoghlaím tú?
- o Cad iad na teangacha a thaitníonn leat agus a mbeadh spéis agat iad a fhoghlaím amach anseo?
- o An ndéarfá gur duine tú a bhfuil spéis aige/aici i dteangacha? Cén chúis a bhí agat le Gaeilge a roghnú mar ábhar céime?

- Cad atá ar eolas agat faoi theangacha an Oirthir i.e. Cóiréis, Sínis, Seapáinis? Pléigh. Ansin léigh an sliocht as an leabhar *Idir Dhá Shaol* a scríobh sagart as Corca Dhuibhne a d'imigh go dtí an Chóiré. Sa sliocht seo tá sé ag cur síos ar fhoghlaim na Cóiréise.

Tar éis an sliocht a léamh, pléigh na ceisteanna seo:

- o Cén léiriú a thugann an tAthair Ó Murchú ar an gceangal idir teanga agus cultúr?
- o Cad atá i gceist aige, dar leat, leis an 'ngaoth atá taobh thiar' de na focail?
- Léigh an sliocht thíos faoin deisteangachas (*plurilingualism*) agus déan iarracht míniú a thabhairt i nGaeilge ar do thuiscint ar an méid atá léite agat.

The plurilingual approach emphasises the fact that as an individual person's experience of language in its cultural contexts expands, from the language of the home to that of society at large and then to the languages of other people (whether learnt at school or college, or by direct experience), he or she does not keep these languages and cultures in strictly separated mental compartments, but rather builds up a communicative competence to which all knowledge and experience of language contributes and in which languages interrelate and interact....From this perspective, the aim of language education is profoundly modified. It is no longer seen as simply to achieve 'mastery' of one or two, or even three languages, each taken in isolation, with the 'ideal native speaker' as the ultimate model. Instead, the aim is to develop a linguistic repertory, in which all the linguistic abilities have a place....Plurilingualism has itself to be seen in the context of pluriculturalism. Language is not only a major aspect of culture, but also a means of access to cultural manifestations...in a person's cultural competences, the various cultures (national, regional, social) to which that person has gained access do not simply co-exist side by side; they are compared, contrasted and actively interact to produce an enriched, integrated pluricultural competence, of which plurilingual competence is one component, again interacting with other components.

Common European Framework of Reference for Languages, Teaching, Learning, Assessment.
Comhairle na hEorpa: 2001.

Téipscript

An ceithre theanga atá agam ar mo thoil ná an Ollainnis (sin í mo theanga dhúchais), an Béarla, an Ghaeilge agus ansin an Phortaingéilis – agus sin an t-ord inar fhoghlaim mé iad. Agus d’fhoghlaim mé gach ceann acu ar bhealach difriúil – ar ndóigh tá Ollainnis agam ón gcliabhán. *So* d’fhoghlaim mé í sin agus mé i mo pháiste. Thosaigh mé ag foghlaim Béarla nuair a bhí mé b’fhéidir aon bhliain déag d’aois – sa bhliain dheireanach den bhunscoil thosaigh siad ag múineadh rud beag Béarla dúinn ach thosaigh mé ar na ceachtanna Béarla i gceart sa mheánscoil. Anois níl oiread difir idir an Ísiltírís agus an Béarla – bheadh siad níos gaire dá chéile ná an Ghaeilge agus an Béarla, mar shampla. *So* bhí sé sin éasca go leor agus cuid mhór de na cláracha teilifíse san Ísiltír is cláracha i mBéarla iad – as Sasana, as Meiriceá – agus cuirtear fotheidil ar na cláracha seachas athghuthú a dhéanamh orthu. Agus ceapaim go gcuidíonn sé sin go mór leis an rath is dócha a bhíonn ar mhuintir na hÍsiltíre ag foghlaim Béarla. Ó thaobh na Gaeilge de rinne mé go leor féinstaidéir leis an nGaeilge ach d’úsáid mé leabharthaí gramadaí – rinne mé roinnt mhaith cúrsaí samhraidh. Ach d’fhoghlaim mé go leor Gaeilge freisin ó chairde. Nuair a bhog mé go Gaillimh an chéad lá riamh i ’95 bhí an t-ádh orm gur tugadh áit dom i mbloc na Gaeilge – sin áit ar champas Ollscoil na Gaillimhe. Níl a fhios agam an bhfuil sé ann a thuilleadh ach bhí daoine gur spéis leo an Ghaeilge ina gcónaí le chéile agus bhí an t-ádh liomsa go bhfuair mé seomra i gceann de na hárasáin seo agus d’fhoghlaim mé go leor Gaeilge ó na daoine a bhí sa teach liom. Anois an Phortaingéilis – bhí mé b’fhéidir... bhí mé os cionn tríocha is dócha nuair a thosaigh mé á foghlaim i gceart agus ní dhearna mé aon chúrsa oifigiúil Portaingéilise riamh. Agus is dócha, b’in an dóigh, b’in an difear ba mhó idir an chaoi gur fhoghlaim mé na teangacha éagsúla. D’fhoghlaim mé mo chuid Portaingéilise ar fad, nach mór, ó bheith ag caint agus ag éisteacht le muintir na háite. Tá canúint láidir go leor den réigiún Bahia agam agus mé ag labhairt i bPortaingéilis. Anois tá mé in ann í a scríobh agus a léamh mar léim na nuachtáin agus táim in ann...abair... teachtaireacht shimplí ríomhphoist a chur ach ní bheinn ag scríobh aon altanna i bPortaingéilis mar a dhéanaim i nGaeilge, i mBéarla agus in Ísiltírís. Ach tá mé in ann comhrá a bheith agam faoi rud ar bith. Ach bhí sé tábhachtach dom leis an bPortaingéilis go dtugfainn caint na ndaoine liom in ionad caint na leabhar agus na nuachtán mar shíl mé...thug mé faoi deara go bhfuil difear an-mhór idir an Phortaingéilis oifigiúil scríofa agus teanga na ndaoine agus nach seasfadh i ndáiríre... nach ndéanfadh an teanga oifigiúil cúis mar gheall nach í an teanga choitianta a labhraítear. *So* shocraigh mé cineál neamhairde a dhéanamh di ar bhealach.

Céard a chiallaíonn sé dom go bhfuil an ceithre theanga ar mo thoil agam? Is dócha go gciallaíonn sé go bhfuil ceithre leagan díom féin ann. Nó ceithre bhealach chun mé féin a chur in iúl.

Motháim, mar shampla, má labhraím...má labhraím i mBéarla nó i nGaeilge – sin an dá theanga ina raibh mé ag obair mar thuairisceoir teilifíse, mar iriseoir, go bhfuil níos mó údaráis ag baint le mo ghlór. Labhraím an Ghaeilge agus an Béarla ar bhealach iomlán difriúil ón mbealach ina labhraím Portaingéilis. Mar nuair a labhraím Portaingéilis níl an t-údarás sin ag baint le mo ghlór ná le mo phearsantacht. Táim níos cosúla le gnáthdhuine agus chomh maith leis sin, in Ísiltírís ceapaim má labhraím Ísiltírís gur cosúla mé le gnáthdhuine ar bhealach. Baineann sé sin is dócha le nach raibh post agam in Ísiltírís nó san Ísiltír riamh ar an leibhéal ag a raibh mé ag obair nuair a bhí cónaí orm in Éirinn.

Agus is dócha go bhféadfaí a rá gur leaganacha éagsúla de mo phearsantacht a thagann amach sna teangacha éagsúla. *So* braitheann sé...fágann sé sin gur duine ilchultúrtha mé ach tá mé sásta faoi sin, go bhfuil mé in ann...go bhfuil fuinneog agam ar cheithre chultúr an-éagsúil agus go bhfuil mé in ann cuid den saibhreas cultúrtha sin a thógáil isteach i mo shaol féin, i mo phearsantacht féin.

Téacs

Deirtear linn nach bhfuil sa teanga ach scáthán ina bhfeictear aigne an phobail a labhrann í. Tugann sí amach dearcadh na muintire orthu féin agus ar an saol. Ní raibh faic ar bun againn ar scoil ach an teanga mar gurbh í sin bia samhlaíochta na muintire go rabhamar leo.

Tá sé an-fhuirist ‘Conas tá tú?’ a fhiafraí d’éinne as Gaelainn. Sa Chóiré, tá seacht slí ar an gceist sin a chur agus gach slí acu difriúil ar fad ós na cinn eile. Braitheann an tslí a chuireann tú an cheist ar cé hé tú féin agus cé leis go bhfuil tú ag caint. Tá céimeanna gradaim sa chaint agus caithfidh an cainteoir na céimeanna cearta a aimsiú muna dteastaíonn uaidh amadán a dhéanamh de féin nó masla a thabhairt do dhuine eile. Sé céad dualgas an duine ná an áit atá ceaptha dó ar dhréimire an tsaoil a ghlacadh chuige féin agus ansin a fháil amach cá raibh gach éinne go bhfuil teagmháil aige leis buailte. Braitheann an modh cainte a bheidh eatarthu ar an dtuiscint sin.

Cheapas ar dtúis go raibh an Cóiréach a bhuaileadh liom ar an mbus nó i siopa drochbhéasach nuair a fhiafraíodh sé díom – ‘Cad é an post atá agat?’ agus ansin ‘Cad é an aois atá agat?’ Sa rang ar scoil fuair amach gur a mhalairt ar fad de scéal a bhí ann. Chun a bheith béasach, chun an urraim a bhí ag dul dom a thabhairt is ea cuireadh an dá cheist sin. Thabharfadh mo fhreagraí mo runga ar an dréimire ar eolas dó agus bheadh sé ábalta labhairt liom mar ba cheart. Bheadh ormsa an dá cheist chéanna a chur air féin agus ansin bheadh comhrá sibhialta idir bheirt go raibh a fhios acu cá rabhadar i leith a chéile. Pé acu an raibh mo phearsantacht uasal nó suarach, bhí mo runga faighte agam ón stáisiún a bhí agam i saol na ndaoine. Tá runga an tsagairt an-ard ar an ndrémire. Tá an búistéir thíos le cailín tí tábhairne agus gan faic fúthu ach an chré. Sin mar atá rudaí leagtha amach leis na cianta.

Dá mbeinn ag caint le siúinéir a bhí tríocha naoi bliain d’aois bheinn ag labhairt síos leis agus é sin ag úsáid focail a thugann an urraim is dual do dhuine atá níos airde céim agus aois ná é féin. Má tá sagart trí lá níos sine ná mé, tá orm an gradam san a thaispeáint dó im’ chaint nó go scarfaidh an bás sinn. Tá gradam níos airde ag an leathchúpla a rugadh trí neomantaí roimh a dheartháir. Tabharfaidh sé ‘hyeong nim’, ‘deartháir níos sine’ air i rith a shaoil...

...Tá an dualgas agus an gradam san go léir le fáil in úsáid na bhfocal. Tá orm a bheith ar tinneall i gcónaí féachaint cad tá leis na focail a chloisim agus conas mar a labharfad de réir mo stáisiúin. Is féidir liom gradam nó masla a thabhairt do dhuine leis na focail a úsáidfead chun a fhiafraí de conas a chodail sé aréir. Is dócha gurbh é sin an chúis go bhfeiceann an stróinséir mistéir san Oirthear. Níl na focail aige agus níl aon bhraistint aige ar an ngaoth atá taobh thiar díobh. An rud ná tuigean duine glaonn sé mistéir air agus ansin tá sé sásta leis féin.

Tá an t-ionad agus an urraim a leanann é le coimeád ag gach éinne, pé hé féin. Má chailleann sé é sin trí fhocail mhíchearta a rá nó a chlos, cailleann sé an meas atá ceaptha dó agus braitheann sé náirithe os comhair an tsaoil...

Idir Dhá Shaol, Pádraig Ó Murchú (Coiscéim 1989). Le caoinchead ón údar agus ó Choiscéim.